

Pádraig Ó Donnghaile

Bróna Ní Uallacháin

Rugadh Pádraig Ó Donnghaile sa Ghleann Mór, Cuailgne, in aice le Dún Dealgan in 1887. Feirmeoir agus tuíodóir ab ea a athair, Tomás, agus bhí 14 clainne aige féin agus ag a bhean, Máire Ní Néill. Táilliúir ab ea Pádraig agus mar fhear óg sna 20í chuaigh sé isteach san IRB agus i 1913 sna hÓglaigh i nDún Dealgan chun bheith ullamh go míleata. Domhnach Cásca 1916, rothaigh Pádraig isteach ó Chuailgne agus in éineacht le 90 fear eile thosaigh siad ar a mbealach go Baile Átha Cliath agus an tÉirí Amach.

Ag Baile Shláine chuala siad faoin “*Countermanding Order*” agus thosaigh siad ag filleadh abhaile. Nuair a bhí siad beagnach sa bhaile tháinig an scéal go raibh an troid ag dul ar aghaidh agus thug Ó Donnghaile agus 30 fear eile aghaidh ar an ardchathair arís. Fuair siad chomh fada le Teach Bhaile an Tirialaigh i Mullach Eadrad agus chaith siad seachtain na Cásca ansin. Nuair a ghéill an Píarsach ar an Satharn, beireadh ar Ó Donnghaile agus na fir a bhí leis agus cuireadh go Frongoch iad mar phríosúnaigh. Nuair a bhí sé ansin fuair beirt dá pháistí bás le meiningíteas.

Ligeadh amach as Frongoch é roimh Nollaig 1916 agus chuaigh sé ar ais chuig a chuid oibre ar son shaoirse na hÉireann. Ghlac sé páirt i gCogadh na Saoirse agus cuireadh i bpríosún arís é i mBaile Choinnleora an Dúin. Fuair a bhean bás den bhFliú Mór i 1919 agus Pádraig ar a theitheadh. Fuair Pádraig féin bás den eitinn ag 39 bliain d’aois, rud a fuair sé i bpríosúin Ghallda agus a d’fhág a aon iníon, Marie, ina dílleachta agus gan í ach dhá bhliain déag d’aois. Bhí sí, agus a chlann uilig, millteanach bródúil as. Dia go deo leis. ○



Uaigh Phádraig Uí Dhonnghaile



Pádraig Ó Donnghaile agus a iníon, Marie



Pádraig Ó Donnghaile